RSA

# COMHAIRLE D'ÚSÁIDEOIRÍ BÓTHAIR LE LINN DROCHAIMSIRE

## Comhairle Dhrochaimsire

Rannóg Chumarsáide

Aibreán 2009

Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority

# Comhairle d'úsáideoirí Bóthair Le Linn Drochaimsire

D'fhéadfadh drochaimsir cosúil le báisteach throm, gaotha láidre, ceo, oighear agus sneachta neamhaire na n-úsáideoirí bóthair a bhreith. Le linn adaimsire, is fearr gan turas a dhéanamh ar an mbóthar mura bhfuil sé thar a bheith riachtanach. Má tá ort tiomáint sna coinníollacha seo, bí réidh.  Is í an sár-riail ná tiomáint le cúram agus aire - bí ag súil le heachtra gan choinne.

## Is iad seo roinnt leideanna úsáideacha

| 1. Comhairle d'úsáideoirí bóthair ar oighear agus sneachta | |
|---|---|
| Tiománaithe: | Tá gá le leibhéil níos airde breathnóireachta, réamh-mheasa agus díriú  nuair atá tú ag tiomáint in aimsir oighreata oighear<br><br>• Seiceáil an réamhaisnéis aimsire náisiúnta agus áitiúil sula<br>• dtosaíonn tú do thuras<br>• Glan d'fhuinneoga agus scátháin sula dtosaíonn tú, bíodh scrábaire gaothscátha agus dí-oighreoir agat.<br>• Ná húsáid uisce te ar do ghaothscáth mar d'fhéadfadh an ghloine a bhriseadh.<br>• Bain an sneachta GO LÉIR ó d'fheithicil sula dtosaíonn tú do thuras<br>• Scaoilfear an sneachta atá fágtha ar an díon mar d'fhéadfadh sé titim ar an ngaothscáth le linn coiscthe, agus bheadh sé ina srian tobann agus mór ar do réim radhairc.<br>• D'fhéadfadh sé titim freisin agus atá tú ag tiomáint, agus |

| | |
|---|---|
| | coisithe a ghortú nó a bheith mar chúis le gníomh athfhillteach ó thiománaí eile.<br>• Cuimhnigh go dtógann sé níos faide stopadh ar oighear ná mar a thógtar ar bhóthar tirim. Tiomáin go mall agus fág spás breise idir d'fheithicil agus an fheithicil romhat.<br>• Úsáid an giar is airde agus is féidir chun rothlam rothaí a sheachaint<br>• Roghnaigh giar íseal agus atá tú ag dul le fána go háirithe trí chorthaí.<br>• Má tá tú ag tiomáint carr uathghiarála, bí a fhios agat faoin fheidhm modh lámhoibrithe. Ligfidh sé seo duit giar cuí a roghnú de láimh ionas nach gcoisceann tú in áit ina bhféadfadh tú sciorradh.<br>• Bog go réidh, seachain coscánú agus luasghéarú tobann.<br>• D'fhonn cosc ar oighear nó ar shneachta gan do rothaí a ghlasáil, téigh isteach i ngiar íseal níos luaithe ná gnáth, ag baint úsáide as an gcrág go réidh, agus lig do luas titim agus úsáid an coscán go réidh.<br>• Cuimhnigh go laghdaítear radharc le sneachta agus báisteach throm. Úsáid ceannsoilse maolaithe agus laghdaigh an luas go réidh.<br>• Bí ag faire do chlúid oighir, go háirithe I gceantar faoi fhothain/scáth ar bhóithre, faoi chrainn agus in aice le ballaí arda.<br>• Is é ceann de na gnéithe de thiomáint ar chlúid oighir ná laghdú tobann i dtorann na mbonn.<br>• Seiceáil boinn, lena n-áirítear an roth breise, chun íos-dhoimhneacht snáithe de 1.6mm agus brú boinn ceart.<br>• Moltar do thiománaithe scrábaire gaothscátha agus dí-oighreoir a bheith acu mar chuid dá threalamh éigeandála |
| Comhairle do choisithe rothaithe agus gluaisrothaithe: | • Má tá ort turas a dhéanamh, siúl ar chosán, ní ar an tsráid. Mura bhfuil aon chosán ann, siúl ar an taobh dheis den bhóthar (i dtreo tráchta i d'aghaidh).<br>• **Bí thar a bheith cúramach, mar beidh na cosáin an-chontúirteach le sioc, oighear agus sneachta.**<br>• Cuimhnigh nach mbeidh cóireáil déanta ar gach cosán, mar sin siúl go cúramach, déan cinnte go bhfuil an coisbheart cuí ort agus in aimsir an-chrua smaoinigh faoi mhaide siúil chuí.<br>• Laghdaítear radharc i sneachta mar sin caith éadaí ard-infheictheachta agus bíodh tóirse agat agus cinntigh go bhfuil na soilse ar do rothair ag obair i gceart. |

<table>
<tr><td></td><td><ul><li>Ní mór do rothaithe cloí leis an gceanglas de sholas bán iomlán chun tosaigh agus solas dearg iomlán ar chúl.</li><li>Caith clogad ceadaithe agus smaoinigh faoi chosaint do shúile.</li><li>Níor chóir do ghluaisrothaithe/rothaithe a gcuid sábháilteachta a chur i gcontúirt lena ‘ngá’ taisteal i sneachta/oighear. Cuir do thuras ar ceal nó úsáid iompar malartach.</li><li>Ba chóir do ghluaisrothaithe gan cealtair dhorcha a chaitheamh nuair nach mbíonn sé geal.</li><li>Cuimhnigh nach mbeidh úsáideoirí bóthair eile ag ‘súil’ leat agus go bhféadfadh siad do shábháilteacht a chur i gcontúirt.</li></ul></td></tr>
<tr><td>I gcás sciorrtha bhig:</td><td>Seiceáil má tá ceann de seo a leanas ag d’fheithicil agus bí a fhios agat conas a chabhraíonn siad le do thiomáint<br><br>ABS - Córas Coscánaithe Frithghlasála<br>EBD – Dáileachán Fórsa Coscánaithe Leictreonach<br>TCS – Córas um Rialú Tarraingthe<br>EBA – Cúnamh Coscáin Leictreonach<br>ESP – Clár Cobhsaíochta Leictreonach<br><br>Cé go gcabhraíonn na córais seo go mór le sábháilteacht ár dtiomána, ní ionadaí iad do dhea-bhreithiúnas tiománaí. Ba chóir go gcuimhníonn tiománaithe i gcónaí nach bhféadfaidh siad cúis fhisice a shárú.<br><br>Má thosaíonn d’fheithicil ag sciorradh ba chóir duit:<ul><li>Aithin an chúis – Tá cibé acu – An Iomarca Coscánaithe, An Iomarca Stiúrtha, An Iomarca Luasghéaraithe nó meascán de cheann acu nó iad go léir.</li><li>Stop an chúis – FÓILL agus GO RÉIDH</li><li>Má tá ABS ar do charr ní sciorrfaidh sé agus tú ag úsáid na gcoscán Má tá ABS gníomhachtaithe, COINNIGH do chos ar an gcoscán agus STIÚIR timpeall an rud a bhí le cúis leat sciorradh.</li><li>NÁ DÍRIGH AR SPRIOC. CUARDAIGH BEALACH AMACH I GCÓNAÍ.</li><li>Mura bhfuil ABS ar do charr agus tosaíonn sé ag sciorradh leis na coscáin, pumpáil an coscán an-sciobtha (Coscánú Rithime/Cadence) agus stiúir timpeall an rud a bhí le cúis leat sciorradh.</li></ul></td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| | • Má sciorrann nó má rothlaíonn d'fheithicil – Bog an roth stiúrtha sa bhealach céanna leis an sciorradh agus scaoil do chos go réidh ón luasaire.<br>• Seachain ró-cheartú leis an iomarca stiúrtha.<br>• Bí réidh le dara sciorradh. |

Comhairle Eile
Le haghaidh nuashonraithe a fháil faoin aimsir tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin Met Éireann www.meteireann.ie nó suíomh gréasáin um Fhaisnéis Aimsire den Údarás um Bóithre Náisiúnta www.nra.ie/RoadWeatherInformation .

Tá líonra de 52 stáisiún monatóireachta aimsire agus braiteoirí bóthair ag an NRA suite ar bhóithre náisiúnta. Tá na stáisiúin seo mar chuid de Chóras um Oighear a Bhrath agus a Thuar le haghaidh réamhaisnéis d'fhoirmiú oighir ar bhóithre náisiúnta le linn mhíonna an gheimhridh. Ar an leathanach gréasáin cuirtear léamha iarbhír ó na braiteoirí bóthair i bhfíor ama. San áireamh san fhaisnéis a chuirtear ar fáil tá Teocht Dhromchla an Bhóthair, Teocht an Aeir, Luas na Gaoithe, Treo na Gaoithe agus Staid an Bhóthair, cibé an aimsir, oighear, sioc, sneachta, báisteach agus cibé an ndearnadh an bóthar a chóireáil.

Ba chóir do gach tiománaí agus úsáideoir bóthair iad féin a mhúineadh faoi na háiseanna amhairc ríthábhachtacha seo, a suíomh agus a bhfeidhm. Liostaítear comharthaí i Rialacha an Bhóthair (www.rulesofheroad.ie ).

| **2. Comhairle d'úsáideoirí bóthair in aimsir an-fhliuch agus gaofar** | |
|---|---|
| Tiománaithe: | • Má tá ort dul amach- ullmhaigh tú féin agus do charr roimh ré.<br>• I gcás turais atá riachtanach cuir in iúl do do chlann/chairde d'am sroichte measta<br>• Cinntigh go bhfuil d'fhón póca luchtaithe. An bhfuil luchtaire agat i do charr.<br>• Bíodh éadaí cosanta ort, lena n-áirítear seaicéad ard-infheictheachta agus tóirse i do charr.<br>• BÍODH CIALL AGAT le linn drochaimsire agus bí ag súil leheachtra gan choinne.<br>• ÉIST LE AGUS TABHAIR D'AIRE d'fhógraí ar an raidió/teilifís áitiúil agus náisiúnta maidir leis an aimsir agus staid na bóithre le haghaidh do thurais.<br>• Cinntigh go bhfuil do charr ródacmhainneach agus go bhfuil i ndóthain breosla agat le haghaidh do thurais. Déan na seiceálacha ábhálteachta seo a leanas POWDER Petrol, Oil, |

| | |
|---|---|
| | Water, Damage, Electrics and Rubber<br>• Glan na soilse go léir agus cinntigh go bhfuil an buidéal leis an niteoir gaothscátha lán. Cuir sreabhán nó criostail niteora isteach sa bhuidéal. Ná húsáid leacht níocháin.<br>• Úsáid niteoir gaothscátha atá ar fáil i ngaráistí agus monarcha cairr ionas nach mbeidh an 'tsúilín' ar an ngaothscáth ó na soilsei d'aghaidh, a d'fhéadfadh a bheith cúis le tuirse shúile.<br>• Ba chóir go mbeadh spéaclaí gréine tiomána maithe ag tiománaitheina bhfeithicil ar fud na bliana chun straidhn súile a chomhrac, atá arís mar chúis le tuirse shúile.<br>• Úsáid ceannsoilse maolaithe aon uair atá drochradharc ann<br>• Ná húsáid soilse ceo, chun tosaigh ná ar chúl ach amháin má tá an radharc níos lú ná 100 méadar, is é sin tuairim is fad pháirc pheile.<br>• Ba chóir go mbíonn tú ar an eolas faoi na rialuithe teasa agus aerála de d'fheithicil ionas go gcinntíonn tú go gcoinnítear an gloine glan.<br>• Fág spás breise idir d'fheithicil agus an fheithicil romhat, go háirithe agus atá tú ag tiomáint taobh thiar d'fheithiclí earraí troma.<br>• Tógann sé níos faide ar fheithicil stopadh ar bhóithre fliche, mar sin tiomáin go mall agus fág spás breise idir d'fheithicil agus an fheithicil romhat. Tá an riail de 2 shoicind anois mar riail de 4 shoicind le linn drochaimsire agus drochradharc mar gheall ar na cúinsí. |

| | |
|---|---|
| Tiománaithe: | • Bí an-chúramach agus atá tú ag tiomáint taobh thiar d'fheithiclí earraí troma mar bíonn cuid mhaith sprae ag teacht uathu, a laghdaíonn Radharc, fan taobh thiar go dtí go bhfeiceann tú a scátháin.<br>• Triail breathnú i gcónaí ar cad atá mar chúis le luas an chairr atá romhat, (is é sin, ná bí ag drannthiomáint).<br>• Bí ag faire amach do smionagar ag titim/tite ar an mbóthar agus d'fheithiclí ag fiaradh trasna an bhóthair agus an frithghníomh d'úsáideoirí bóthair eile.<br>• Inis do na Gardaí faoi smionagar ar an mbóthar. NÁ STOP RIAMH chun smionagar a bhaint as mótarbhealach.<br>• D'fhéadfadh trasghaotha láidre cur isteach ar d'fheithicil. Go háirithe, tá feithiclí le taobhanna arda agus gluaisrothaithe i mbaol gaoithe trasghaotha láidre.<br>• Bí ag súil le séideáin i gceantair oscailte, ina gcruthaíonn |

| | |
|---|---|
| | bearnaí i bhfoirgnimh arda agus fál cainéal gaoithe. trasghaotha láidre<br>• Seiceáil boinn, lena n-áirítear an roth breise, chun íos-dhoimhneacht snáithe de 1.6mm agus brú boinn ceart a chinntiú. Smaoinigh Wear 'n Air'.<br>• Bíonn tiomáint an-chontúirteach mar gheall ar thuile agus dromchla bóthair shleamhain, mar sin tiomáin i gcónaí le cúraim agus aire. Bí ag súil le heachtra gan choinne.<br>• Bí cúramach faoi uisce dromchla. Níl a fhios agat cé chomh domhain is atá sé agus d'fhéadfaí rudaí a bheith i bhfolach a d'fhéadfadh stop achur le d'fheithicil nó damáiste a dhéanamh do do bhoinn.<br>• Bí cúramach faoi Scinneadh ar uisce ar bhóithre ina bhfuil luas de 100/120kmh i bhfeidhm.<br>• Tarlaíonn scinneadh ar uisce nuair a líonann an snáithe bhoinn le huisce agus ní fhéadfaidh sé é a scaoileadh.<br>• Tar éis dul tríd uisce, tiomáin go mall le do chos ar an gcoscán ar feadh píosa gearr – cabhraíonn sé seo le do choscáin a thriomú.<br>• Bí ag faire amach d' úsáideoirí soghonta bóithre, amhail coisithe, rothaithe agus gluaisrothaithe agus fág spás breise. |

| | |
|---|---|
| Comhairle do choisithe, rothaithe agus gluaisrothaithe: | • Bí infheicthe. Caith éadaí geala le bandaí muinchille frithchaiteacha nó crios frithchaiteach.<br>• Siúl ar chosán ní ar an tsráid. Mura bhfuil aon chosán ann, siúl ar an taobh deis den bhóthar leis an trácht i d'aghaidh.<br>• Bí an-chúramach nuair atá tú in aice le trácht nó ag dul trasna an bhóthair in aimsir an-ghaofar mar d'fhéadfadh seadán tobann tú a chaith amach i dtreo cairr atá ag teacht.<br>• Ní mór do rothaithe cloí leis an gceanglas de sholas bán iomlán chun tosaigh agus solas dearg iomlán ar chúl.<br>• Caith clogad ceadaithe agus smaoinigh faoi cosaint le haghaidh do shúile.<br>• Niór chóir do ghluaisrothaithe cealtair dhorcha a chaitheamh nuair a bhíonn sé dorcha.<br>• Caith éadaí agus coisbheart oiriúnach chun fuacht/báisteach a sheas. Ligfidh sé seo duit díriú maith a bheith agat, chomh maith le cosaint a thabhairt don mharcach nó cúlóg ó thuirse agus hipiteirme.<br>• Cuimhnigh nach mbeidh úsáideoirí bóithre eile ag 'súil' leat agus go bhféadfadh siad do shábháilteachta a chur i gcontúirt.<br>• Úsáideann gluaisrothaithe sprae frith ceocháin ar an dá thaobh den chealtair. Má tharlaíonn ceochán mar gheall ar d'anáil, ardaigh do chealtair píosa beag chun an sreabhadh aeir a mhéadú.<br>• Tabhair d'aire do athrú i dhromchlaí bóithre i drochaimsir -go háirithe rothaithe/gluaisrothaithe. |

| 3. Comhairle d'úsáideoirí bóthair le linn báistí troime/tuile | |
|---|---|
| Tiománaithe: | • Tógann sé níos faide ar fheithicil stopadh ar bhóithre fliche, mar sin tiomáin go mall agus fág spás breise idir d'fheithicil agus an fheithicil romhat.<br>• Bí an-chúramach nuair atá tú ag tiomáint taobh thiar d'fheithiclí earraí troma mar bíonn cuid mhaith sprae ag teacht uathu, a laghdaíonn radharc, fan taobh thiar go dtí go bhfeiceann tú a scátháin.<br>• Bí ag faire amach d' úsáideoirí soghonta bóithre, amhail coisithe rothaithe agus gluaisrothaithe.<br>• Úsáid ceannsoilse maolaithe aon uair a bhfuil drochléargas ann, agus ní soilse páirceála ná soilse ceo.<br>• Beidh níos lú radharc ann nuair atá tú ag tiomáint i gcúinsí cosúla.<br>• Úsáid ceannsoilse maolaithe agus ní soilse páirceála ná soilse ceo.<br>• Ná húsáid soilse ceo, chun tosaigh ná ar chúl ach amháin má tá an radharc níos lú ná 100 méadar, is é sin tuairim is fad pháirc pheile.<br>• Bí cúramach faoi uisce dromchla. Níl a fhios agat cé chomh domhain is atá sé agus d'fhéadfaí rudaí a bheith i bhfolach a d'fhéadfadh stop a chur le d'fheithicil nó damáiste a dhéanamh do do bhoinn.<br>• Tar éis dul tríd uisce, tiomáin go mall le do chos ar an gcoscán ar feadh píosa gairid- cabhraíonn sé seo leis na coscáin a thriomú.<br>• Bí cúramach faoi Scinneadh ar uisce ar bhóithre ina bhfuil luas de 100/120kmh i bhfeidhm.<br>• Tarlaíonn scinneadh ar uisce nuair a líonann an snáithe bhoinn le huisce agus ní fhéadfaidh sé é a scaoileadh.<br>• Nuair a tharlaíonn sé, braitheann tú an roth stiúrtha ag éirí éadrom. Coinnigh na rothaí díreach, scaoil an luasaire go réidh agus ná brúigh ar na coscáin.<br>• Laghdóidh an fheithicil luas trí luasmhoilliú, scaoilfear an uisce agus tiocfaidh an greim ar ais.<br>• **TÁ SÉ RITHÁBHACHTACH COINNEÁIL SOCHAIR MÁ CHEAPANN TÚ GO BHFUIL TÚ AG SCRINNEADH AR UISCE**<br>• Bíonn tiomáint an-chontúirteach mar gheall ar thuile agus dromchla bóthair sleamhain, mar sin tiomáin i gcónaí le cúraim agus aire. Bí ag súil le heachtra gan choinne.<br>• Ná chreid go bhféadfaidh gach feithicil de 4x4 dul aon áit nó aon rud a dhéanamh. Mar shampla, aibhneacha agus tiomáint tríd uisce tuile. |

| | |
|---|---|
| Comhairle do choisithe, rothaithe agus gluaisrothaithe: | • Bí infheicthe. Caith éadaí geala le bandaí muinchille frithchaiteacha nó crios frithchaiteach.<br>• Siúl ar chosán ní ar an tsráid. Mura bhfuil aon chosán ann, siúl ar an taobh deis den bhóthar leis an trácht i d'aghaidh |

I gcúinsí tuilte dá leithéid, tá sé éasca do thiománaithe a bheith gafa mar gheall ar uiscí atá ag éirí, nuair atá na haibhneacha tuilte. Ní thógann sé ach 6 orlach go dtí go gcaileann tiománaí rialú ar fheithicil bheag.

## Le linn tuile, ba chóir na réamhchúraim seo a leanas a ghlacadh:

| **4. Comhairle d'úsáideoirí bóithre i gcás Bóithre Tuilte** | |
|---|---|
| Comhairle do thiománaithe coisithe rothaithe agus gluaisrothaithe: | • Fág go luath ionas nach mbeidh tú sáinnithe ar bhóithre tuilte agus cinntigh i gcónaí go bhfuil i ndóthain breosla agat i d'fheithicil.<br>• Éist le craoladh aimsire ar an raidió agus atá tú ag taisteal.<br>• Triail gan dul trasna bóthair atá clúdaithe in uisce. Fan go dtí go laghdaíonn leibhéil uisce nó úsáid bhealach mhalartach<br>• Má tá an bóthar atá romhat tuilte, roghnaigh bealach eile, ná triail dul trasna. D'fhéadfadh bóithre tuilte a bheith níos doimhne ná mar a cheapann tú. Tá sé éasca cumhacht d'uisce tapa a mheas faoina neart.<br>• Níl a fhios agat cén chontúirt atá thíos faoin uisce, a d'fhéadfadh stop a chur le d'fheithicil nó damáiste a dhéanamh do do bhoinn.<br>• Bí ag faire amach do bhóithre glanta amach, ithirshleamhnaithe, príomhlíonra séaraigh briste, sreanga leictreach scaoilte nó ag titim agus rudaí eile atá tite nó ag titim.<br>• Bí ar an eolas go bhféadfadh aibhneacha nó sruthanna éirí go tobann agus tuile, mar shampla claonas ar bhóithre, droichid agus ceantair ísle.<br>• Má tá bóthar tuilte, mar thoradh ar abhainn a bhriseann a bruacha, d'fhéadfadh an chuisle a bheith sách láidir chun d'fheithicil a scríobadh. Tá feithiclí le hurlár íseal (mar |

| | |
|---|---|
| Drivers, pedestrians, cyclists and motorcyclists are advised to: | shampla tá Veain Champála) i mbaol traschuislí. Má tá amhras ort, tóg bealach eile.<br>• Téigh go mall agus coinnigh scóig réidh é agus atá tú ag dul isteach san uisce,<br>• Cuimhnigh go bhfuil aer-iontógáil d'fheithicle íseal agus ní amháin a stopfaidh an t-uisce d'fheithicil ach déanfaidh sé damáiste do d'inneall.<br>• Ná cruthaigh tonn tosaigh a d'fhéadfadh stop a chur le d'inneall.<br>• Ar bhóithre cúnga, ba chóir do charr amháin dul tríd an tuile ionas nach dtuiltear an carr eile.<br>• Seiceáil do choscáin gan an trácht taobh thiar duit a chur i mbaol Tar éis dul tríd uisce domhain, tiomáin go mall le do chos ar an gcoscán ar feadh tamaill ghairid - cabhraíonn sé seo le do choscáin a thriomú.<br>• Uaireanta d'fhéadfadh bóithre a bheith dúnta mar gheall ar a staid leochaileach i ndiaidh aimsire fhliche nó mar gheall ar thuile. Ba choir d'úsáideoirí bóithre na bealaí a mholtar a leanúint agus comhlíonadh leis na comharthaí lena ndúntar bóithre ar mhaithe do shábháilteachta féin.<br>• Má tá tú laistigh d'fheithicil agus tá an uisce ag éirí go tapa thart timpeall, fág d'fheithicil ar an bpointe<br>• Má tá ort d'fheithicil a fhágáil, bí ar d'fhaichill maidir le cuislí láidre agus smionagar.<br>• I ndiaidh tuile de cheantair, d'fhéadfadh an bóthar tuilte a bheith sleamhain mar gheall ar fhuíoll. |

| 5. Comhairle d'úsáideoirí bóthair le linn babhta ceo | |
|---|---|
| Tiománaithe: | • Bí an-chúramach, agus atá tú ag tiomáint i gceo. Tiomáin go mall agus cuir do shoilse ceo ar siúl<br>• Bí ar an eolas go dtagann ceo i dtreallanna – mar sin fiú nuair a cheapann tú go bhfuil sé imithe – ná tiomáin go sciobtha.<br>• Úsáid ceannsoilse maolaithe agus soilse ceo, má laghdaítear an Radharc ionas go mbeidh tú infheicthe. Le laghdaigh ceannsoilse maolaithe bíonn an solas thíos ar an mbóthar agus féadfaidh tiománaithe eile thú a fheiceáil.<br>• I gceo trom, cas as do raidió, agus oscail d'fhuinneog píosa beag, ionas go gcloiseann tú trácht eile.<br>• Ná triail ceannsoilse le léas ard a úsáid mar d'fhéadfadh sé d'amharc a laghdú agus tiománaithe eile a dhallrú.<br>• Nuair a théann tú isteach i gceo, seiceáil do scátháin agus tiomáin go mall. Úsáid an coscán go réidh ionas go dtugann do shoilse rabhadh do na tiománaithe taobh thiar duit.<br>• Ná thiomáin díreach taobh thiar de chúlsoilse na feithicle atá romhat (Ag Díriú ar Sprioc). D'fhéadfadh sé seo muinín gan bhonn a thabhairt duit agus a bheith mar chúis le dranntiomáint – contúirt mhór.<br>• Bí ar do fhaichill faoi thiománaithe eile nach bhfuil ag úsáid a gceannsoilse.<br>• Cinntigh go bhfuil do ghaothscáth saor ó cheochán agus comhdhlúthú, úsáid do cuimleoirí gaothscátha más gá. |
| Comhairle do Choisithe, Rothaithe agus gluaisrothaithe: | • Siúl ar an gcosán agus mura bhfuil aon chosán ann, siúl ar an taobh deis den bhóthar i dtreo tráchta i d'aghaidh.<br>• Caith éadaí ard-infheictheachta nó bíodh tóirse agat agus cinntigh go bhfuil na soilse ar do rothair ag obair i gceart.<br>• I gcás ina bhfuil go léir ceo, go háirithe i gceantair faoin tuath, ná tiomáin ach amháin má tá sé thar a bheith riachtanach.<br>• Ná caith cluasáin mar chaithfidh tú a bheith ábalta an trácht a chloisteáil. |

Cé go bhfuil sé tábhachtach soilse ceo a úsáid tá sé chomh tábhachtach sin iad a chasadh as uair nuair atá feabhas tagtha ar radharc. D'fhéadfadh sé seo tiománaithe a dhallrú.

De bharr go gceaptar mótarbhealaí le haghaidh luais thapa, ní chreideann tiománaithe go bhfuil sé fós dáinseireach tiomáin go tapa ar mhótarbhealach i gceo. Ní hionann an cás. Baineann na rialacha céanna le mótarbhealaí, is é sin, laghdaigh do luas, agus fág spás idir charranna. Mar slat tomhais, má fhéadfaidh tú na soilse den fheithicil romhat a fheiceáil, is dócha go bhfuil tú ró-gharr dóibh.

**Comhairle d'úsáideoirí bóthair i sneachta nó oighear.**

## Cuimhnigh go roinntear do ghreim bhoinn i 3 éileamh - CSL

- Coscánú
- Stiúradh
- Luasghéarú

Le luasghéarú, (is é sin gluaisne), cuirtear éileamh buan ar ghreim bhoinn. Le stiúradh bíonn níos mó greama ag teastáil ó na boinn. Ansin má úsáidtear na coscáin, cuirtear isteach ar greim bhoinn. Má éilíonn tú níos mó ó cheann amháin acu, beidh níos lú den cheann eile ar fáil duit.

Bí réidh, smaoinigh roimh ré agus pleanáil gach gníomh.

## Áiseanna Amhairc do Thiománaithe agus d'Úsáideoirí Bóthair:

- Úsáid na Comharthaí Rabhaidh, Súile Chait, Marcanna Bóthair agus Marcanna Acomhail mar áiseanna amhairc.
- Tá cruth diamaint ar chomharthaí rabhaidh agus tugtar rabhadh do thiománaithe roimh ré maidir le suíomh acomhal, timpeallán, corthaí, cúinní agus bairr chnoic.
- Seiceáil le haghaidh comharthaí sealadacha lena dtaispeántar go bhfuil
- oibreacha bóithre ar siúl
- Tá Súile chait ómra suite ar an taobh clé agus seasann siad do ghualainn chrua nó ciumhais in aice an bhóthair. Aimsítear iad ar an taobh dheis den Lána Taobh Deas den Dhébhealach lena n-imlínítear an Lárthearmann.
- Léiríonn Súile Chait Bhána an lána dealaithe ar gach bóthair.

- Seasann Súile Chait Ghlasa ar an dtaobh clé do shuíomh de bhéalchloig acomhail.
- Féadfaidh poist lonrúla Ghlasa agus Bhána a bheith ar aon taobh de bhéalchloig
- acomhail.
- Seasann línte buí briste ar thaobh clé an tiománaithe go bhfuil siad ar Bhealach Náisiúnta.
- Seasann Líne Bhuí Neamhbhriste ar thaobh clé an tiománaithe go bhfuil siad ar MhótarBhealach
- Seasann Línte Bána Briste agus Neamhbhriste (Dúbailt agus Aonair) do dheighilt an lána.

Working To Save Lives

Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority

Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo
Moy Valley Business Park, Primrose Hill, Dublin Road, Ballina, Co. Mayo
locall: 1890 50 60 80 fax: (096) 25 000 email: info@rsa.ie website: www.rsa.ie